Gaillearaí Ealaíne Crawford | Crawford Art Gallery

## Press Release

## Embargo 5.30pm Saturday 11 November

**Photos to follow** on the afternoon of Saturday 11 November

### Tánaiste Micheál Martin to unveil historic new acquisition at Crawford Art Gallery

A significant new artwork bought for the National Collection by Crawford Art Gallery is set to arrive at its new home on Saturday and Tánaiste Micheál Martin will be there to welcome it.

*The Window* was painted by Seán Keating in 1924 and it has been acquired by Crawford Art Gallery at auction from a private seller with support from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media.

It is a valuable addition to the Crawford Collection from a historically important Irish painter and can now bring joy to the public for generations to come.

Speaking at the official unveiling, Tánaiste Micheál Martin said:
'I am honoured to preside over the unveiling of "The Window" by iconic Irish artist Seán Keating, who has been pivotal in capturing the difficult journey taken to achieve the Irish State. This painting was first shown in 1924 at the Aonach Tailteann - the sporting and cultural festival held to showcase the strengths of a new nation drawing on its proud history, culture and traditions. So, as we approach the end of the Decade of Centenaries, it is fitting that the Crawford Art Gallery can put this wonderful artwork on public display.'

Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, Catherine Martin TD, whose Department provided financial assistance for the acquisition of "The Window", said:
'As Minister with responsibility for culture and the arts, I am committed to enhancing access to and engagement with our national cultural institutions and the artworks and artefacts under their care. In this regard, I commend Crawford Art Gallery for acquiring this painting and growing the Seán Keating collection. I am sure that this addition will quickly win the hearts and minds of visitors to the Gallery, ensuring that it remains a vital

part of Ireland's cultural and tourism infrastructure. I would strongly encourage people to visit and enjoy this beautiful and very personal work by Keating'.

'We were thrilled to be able to secure this work for the public collection and are very grateful to the Minister Catherine Martins Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media for their full support. It is important that these works can be seen in Ireland on public display and that they can be conserved for future generations,' Rose Mc Hugh, Chair of Crawford Art Gallery, said.

'This work adds a new dimension to the Sean Keating collection at Crawford. Its subject matter is tender and timeless and it is very modern in nature, despite being 100 years old in 2024. We look forward to seeing it on public display and to seeing our audience engage with it,' Mary McCarthy, Director Crawford Art Gallery, said.

Keating (1889 –1977), is best known for his depictions of the Irish War of Independence and Civil War, including *Men of the South* and *An Allegory*. Though painted the same year, *The Window* marks a departure from these political subjects: it is a gentle and affectionate depiction of his wife, May, seated at a window reading.

It was one of ten works exhibited by Keating at the 1924 Aonach Tailteann games, the first major sporting event in Ireland following the Civil War. The painting was then acquired by a private owner and has remained with them until Crawford Art Gallery's recent purchase.

*The Window* brings to 13 the number of works by Keating in the Crawford collection. The best known is *Men of the South*, painted the same year as *The Window,* depicting real life members of the 2nd North Cork Brigade of the IRA awaiting an ambush.

*Men of the South* was released as a stamp by An Post in 2020, and is much loved by Crawford gallery-goers. It is currently on loan from the Crawford to the Irish Museum of Modern Art (IMMA) for their *Self-determination: A Global Perspective* exhibition opening on 30 November.

*The Window* will go on display to visitors to Crawford Art Gallery on Monday 13 November.

**ENDS**

Ellie O'Byrne Press Officer
E: press@crawfordartgallery.ie M +353 (0)87125 8446

Dyane Hanrahan
Marketing & Communications Manager
E dyanehanrahan@crawfordartgallery.ie
M +353 (0) 86 8278151

W www.crawfordartgallery.ie
Crawford Art Gallery,
Emmett Place,
Cork, Ireland.
T12 TNE6

**Editors notes**

Crawford Art Gallery will announce the purchase of the painting with a visit from An Tánaiste Micheál Martin on Saturday, 11 November.

The contents of the above release are embargoed until 7pm

Imagery to follow in the afternoon of 11 November

**More about Seán Keating**

Seán Keating (1889-1977) was born in Limerick and moved to Dublin in 1911 to study at the Metropolitan School of Art under William Orpen. Having worked as Orpen's assistant in England, Keating returned to Ireland; he felt that his mission was to help to define Irish nationhood through his painting. A 1914 trip to the Aran Islands with his friend Harry Clarke had a profound effect on him: he returned to paint scenes from the islands on many occasions.

The cult of the proud Irish peasant was popular in the writings of W.B. Yeats and others, and was represented by Keating in paintings such as Aran Man, Seascape with Figures and Men of the West. Keating was an idealist with a strong social conscience and nationalism was the driving force behind his work. In 1918, Keating was appointed teacher at the Metropolitan School of Art, Dublin. He later became Professor of Painting and was elected a member of the R.H.A. in 1923.

Crawford Art Gallery's acquisition of *The Window* brings to 13 their total collection of Keating works:

*El Prestigadore Despogjade* (properly 'El Persguidor Despojade) (1918)
*Study of a Head* (1918)
*Men of the South* (1921-22)
*On the Run, War of Independence* (1922)
*The Window* (1924)
*Head of an Aran Woman*
*Aran Islanders*
*West of Ireland Quayside with Figures* (c.1930)
*Cora Hughes*
*Untitled*
*Sketch for Economic Pressure* (c.1949)
*Economic Pressure or a Bold Peasant Being Destroyed* (1949)
*View of the Port of Cork* (c.1960)

**More about Crawford Art Gallery**

Crawford Art Gallery remain open until Autumn 2024 after which time it will close for capital redevelopment of the building.

Crawford Art Gallery is an Irish national cultural institution, dedicated to contemporary and historic visual art, located in a significant heritage building in the heart of Cork city. Offering a vibrant and dynamic programme of temporary exhibitions, it also houses a collection of national importance which tells a compelling story of Cork and Ireland over the last three centuries.

Originally built in 1724 as the city's Custom House, the Gallery is home to the famous Canova Casts, gifted to Cork two centuries ago. Featured in the Gallery's collection of more than 3,000 objects are contemporary artists Aideen Barry, Gerard Byrne, Maud Cotter, Dorothy Cross, Tacita Dean, and Sean Scully as well as much-loved works by Irish artists James Barry, Harry Clarke, Mainie Jellett, Seán Keating, Daniel Maclise, Norah McGuinness, Edith Somerville, and Jack B. Yeats.

An oasis of calm and tranquillity, Crawford Art Gallery is open seven days a week, free to enter, and a must-see for locals and tourists alike. Welcoming over 250,000 visitors annually. The Green Room at the Crawford Café serves the best of local Cork and Irish produce, treated with a light hand by chefs committed to simplicity and flavour.

**Opening Hours**
Monday–Saturday 10:00am–5:00pm
Late opening Thursdays until 8:00pm
Sundays / Bank Holidays 11:00am – 4:00pm
Open Daily | Entry Free

**Free Tours**
Sundays and Bank Holidays 2:00pm
Thursdays 6:30pm

This project is in support of the Night-Time Economy and funded by the
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media.

**Gailearaí Ealaíne Crawford | Crawford Art Gallery**

**Íomhá den saothar ealaíne le cur leis thuas**
**Lánchosc 5.30p.m. Dé Sathairn an 11 Samhain**
**Íomhánna le teacht**

**Grianghraif le teacht** tráthnóna Dé Sathairn an 11 Samhain

**DRÉACHT-PHREASRÁITEAS**

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

**An Tánaiste Micheál Ó Máirtín le saothar faighte a nochtadh ag Gailearaí Ealaíne Crawford**

Tá saothar suntasach ealaíne nua, ceannaithe ag an mBailiúchán Náisiúnta do Ghailearaí Ealaíne Crawford le teacht Dé Sathairn, agus beidh an Tánaiste Micheál Ó Máirtín ann chun fáilte a chur roimhe.

Phéinteáil Seán Keating *The Window* in 1924 agus fuair Gailearaí Ealaíne Crawford é ag ceant ó dhíoltóir príobháideach, le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Is saothar luachmhar é a chuirfidh go mór le Cnuasach Crawford, píosa le péintéir Éireannach ar bhain tábhacht stairiúil leis. Anois is féidir leis an saothar gliondar a chur ar an bpobal sna glúnta atá le teacht.

Ag labhairt ag an nochtadh oifigiúil, dúirt an Tánaiste, Micheál Ó Máirtín:
'Is mór an onóir dom bheith i gceannas ar nochtadh "*The Window*" leis an ealaíontóir clúiteach Éireannach Seán Keating, a bhí lárnach sa taifead a rinneadh ar an turas deacair a bhí ann chun Stát na hÉireann a bhaint amach. Taispeánadh an phéintéireacht seo den chéad uair sa bhliain 1924 ag Aonach Tailteann - an fhéile spóirt agus chultúrtha a reáchtáladh chun láidreachtaí náisiún nua a léiriú ag tarraingt ar a stair, traidisiúin agus cultúr bródúil. Mar sin, agus muid ag druidim le deireadh Dheich mBliana na gCuimhneachán, tá sé oiriúnach gur féidir le Gailearaí Ealaíne Crawford an saothar ealaíne iontach seo a chur ar taispeáint go poiblí.'

Dúirt an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD, ar chuir a Roinn cúnamh airgeadais ar fáil chun "The Window" a fháil:
'Mar Aire le freagracht as an gcultúr agus na healaíona, táim tiomanta do rochtain agus rannpháirtíocht lenár n-institiúidí cultúrtha náisiúnta agus na saothair ealaíne agus na déantáin atá faoina gcúram a fheabhsú. Ina leith seo, molaim Gailearaí Ealaíne Crawford as an bpéintéireacht seo a fháil agus as cur le bailiúchán Sheáin Keating. Táim cinnte go gcuirfidh an píosa seo le croí agus aigne na gcuairteoirí ar an nGailearaí gan mhoill, rud a chinnteoidh go bhfanfaidh sé mar chuid ríthábhachtach de bhonneagar cultúrtha agus turasóireachta na hÉireann. Mholfainn go láidir do dhaoine cuairt a thabhairt agus taitneamh a bhaint as an saothar álainn agus an-phearsanta seo le Keating'.

'Bhí lúcháir orainn a bheith in ann an saothar seo a chinntiú don bhailiúchán poiblí agus táimid an-bhuíoch do Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an Aire Catherine Martin as a dtacaíocht iomlán. Tá sé tábhachtach go mbeidh na saothair seo le feiceáil in Éirinn ar taispeáint go poiblí agus gur féidir iad a chaomhnú do na glúnta atá le teacht,' a dúirt Rose Mc Hugh, Cathaoirleach Ghailearaí Ealaíne Crawford.

'Cuireann an saothar seo gné nua le bailiúchán Sheáin Keating ag Crawford. Baineann idir bhuaine agus leochaileacht le hábhar an tsaothair agus tá sé an-nua-aimseartha, cé go mbeidh sé 100 bliain d'aois in 2024. Táimid ag tnúth lena fheiceáil ar taispeáint go poiblí agus lenár lucht féachana a fheiceáil ag plé leis,' a dúirt Mary McCarthy, Stiúrthóir Ghailearaí Ealaíne Crawford.

Is fearr aithne ar Keating (1889 – 1977), as a chuid léirithe de Chogadh na Saoirse agus Cogadh na gCarad, lena n-áirítear *Men of the South* agus *An Allegory*. Cé gur péinteáladh sa bhliain chéanna é, imíonn *The Window* ó na hábhair pholaitiúla seo: is léiriú séimh agus ceanúil é dá bhean chéile, May, ina suí ag léamh léi cois fuinneoige.

Bhí sé ar cheann de dheich saothar a bhí ar taispeáint ag Keating ag cluichí Aonach Tailteann 1924, an chéad mhórimeacht spóirt in Éirinn tar éis Chogadh na gCarad. Fuair úinéir príobháideach an phéintéireacht ansin agus d'fhan sé leo go dtí gur cheannaigh Gailearaí Ealaíne Crawford le déanaí í.

Fágann ceannach *The Window* go bhfuil 13 shaothar le Keating i mbailiúchán Crawford. Is é an ceann is fearr aithne *Men of the South*, a péinteáladh an bhliain chéanna le *The Window.* Is léiriú é seo ar bhaill fíorshaoil de Dhara Briogáid Chorcaí Thuaidh de chuid an IRA agus iad ag fanacht ar luíochán.

D'eisigh an Post *Men of the South* mar stampa in 2020, agus tá an-ghean ag daoine a thugann cuairt ar Ghailearaí Ealaíne Crawford air. Tá sé ar iasacht faoi láthair ó Ghailearaí Ealaíne Crawford chuig Áras Nua-Ealaíne na hÉireann dá dtaispeántas *Self-determination: A Global Perspective*, a osclófar an 30 Samhain.

Beidh *The Window* ar taispeáint do chuairteoirí ar Ghailearaí Ealaíne Crawford ón Luan an 13 Samhain.

**CRÍOCH**

Ellie O'Byrne Preasoifigeach
Ríomhphost: press@crawfordartgallery.ie  Fón: +353 (0)87125 8446

Dyane Hanrahan
Bainisteoir Margaíochta & Cumarsáide
Ríomhphost: dyanehanrahan@crawfordartgallery.ie
Fón: +353 (0) 86 8278151

Suíomh: www.crawfordartgallery.ie
Gailearaí Ealaíne Crawford,
Plás Emmet,
Corcaigh, Éire.
T12 TNE6

**Nótaí an eagarthóra**

Fógróidh Gailearaí Ealaíne Crawford ceannach na péintéireachta le cuairt ó Mhicheál Ó Máirtín Dé Sathairn, an 11 Samhain.

Cuirtear lánchosc ar a bhfuil sa phreasráiteas thuas go dtí go bhfoilsítear grianghraif den imeacht.

**Tuilleadh faoi Sheán Keating**

Rugadh Seán Keating (1889-1977) i Luimneach agus bhog sé go Baile Átha Cliath in 1911 chun staidéar a dhéanamh ag Scoil Ealaíne na Cathrach faoi William Orpen. Tar éis dó a bheith ag obair mar rúnaí de chuid Orpen i Sasana, d'fhill Keating ar Éirinn; bhraith sé gurbh é an misean a bhí aige ná cabhrú le náisiúnachas na hÉireann a shainiú trína shaothair ealaíne. Chuaigh turas go hOileáin Árann in 1914 lena chara Harry Clarke i bhfeidhm go mór air: d'fhilleadh sé go minic chun radhairc ó na hoileáin a phéinteáil.

Bhí an-tóir ar chultas an tuathánaigh bhródúil Éireannaigh i saothar W.B. Yeats agus eile, agus léirigh Keating é seo i bpéintéireachtaí ar nós *Aran Man*, *Seascape with Figures* agus *Men of the West*. B'idéalaí é Keating le coinsias sóisialta láidir agus ba é an náisiúnachas a spreag a chuid saothar. In 1918, ceapadh Keating mar mhúinteoir i Scoil Ealaíne na Cathrach, Baile Átha Cliath. Rinneadh Ollamh le Péintéireacht de ina dhiaidh sin agus toghadh é ina bhall den Acadamh Ibeirneach Ríoga sa bhliain 1923.

Fágann ceannach *The Window* go bhfuil 13 shaothar le Keating i mbailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford.

*El Prestigadore Despogjade* ('El Persguidor Despojade' ó cheart) (1918)
*Study of a Head* (1918)
*Men of the South* (1921-22)
*On the Run, War of Independence* (1922)
*The Window* (1924)
*Head of an Aran Woman*
*Aran Islanders*
*West of Ireland Quayside with Figures* (c. 1930)
*Cora Hughes*
*Gan Teideal*
*Sketch for Economic Pressure* (c .1949)
*Economic Pressure or a Bold Peasant Being Destroyed* (1949)
*View of the Port of Cork* (c. 1960)

**Nótaí don Eagarthóir:** cliceáil anseo chun tuilleadh íomhánna a fháil.

Tuilleadh eolais faoi Ghailearaí Ealaíne Crawford

Institiúid chultúrtha náisiúnta Éireannach is ea Gailearaí Ealaíne Crawford, atá tiomanta d'amharc-ealaín chomhaimseartha agus stairiúil, atá lonnaithe i bhfoirgneamh oidhreachta suntasach i gcroílár chathair Chorcaí. Cuireann sé clár bríomhar dinimiciúil de thaispeántais shealadacha ar fáil, agus tá bailiúchán ann freisin a bhfuil tábhacht náisiúnta aige agus a insíonn scéal iontach faoi Chorcaigh agus faoi Éirinn le trí chéad bliain anuas.

Tógadh an Gailearaí den chéad uair i 1724 mar Theach Custaim na cathrach, áit a bhfuil na Cásálacha cáiliúla Canova, a bronnadh ar Chorcaigh dhá chéad bliain ó shin. Tá ealaíontóirí comhaimseartha Aideen Barry, Gerard Byrne, Maud Cotter, Dorothy Cross, Tacita Dean, agus Sean Scully le feiceáil i mbailiúchán an ghailearaí, chomh maith le saothair leis na healaíontóirí Éireannacha James Barry, Harry Clarke, Mainie Jellett, Seán Keating, Daniel Maclise, Norah McGuinness, Edith Somerville, agus Jack B. Yeats.

Tá sé ina thearmann de shíocháin agus de shuaimhneas, tá Gailearaí Ealaíne Crawford oscailte seacht lá na seachtaine, saor in aisce le dul isteach, agus riachtanach le feiceáil do mhuintir na háite agus turasóirí araon.

**Uaireanta Oscailte**
Dé Luain-Dé Sathairn 10.00r.n-5.00i.n
An Déardaoin ag oscailt go dtí 8.00i.n
Dé Domhnaigh agus Gailearaí na Laethanta Saoire Bainc: 11r.n - 4i.n Iontráil shaor

**Turais**
Dé Domhnaigh tá turais Saor in Aisce agus Saoire Bainc Dé Luain 2 i.n
Turais saor in aisce ar an Déardaoin ag 6.30i.n.

Tá an tionscadal seo ag tacú leis an nGeilleagar Oíche agus á mhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.